



# TEICNEOLAÍOCHT FHEIDHMEACH

## JCt4 Nuachtlitir

### An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Tá an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí ann chun spreagadh, tacáiocht agus cumhacht a thabhairt do mhúinteoirí agus Oideachas na Sraithe Sóisearai in Éirinn á athrú ó bhonh.

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí  
**JuniorCYCLE**  
 for teachers

### Tuairisc Chomhairleach Athbhreithniú na Sraithe Sinsearaí



Tugtar breac-chuntas i dTuairisc Chomhairleach na Sraithe Sinsearaí ar Chuspóir, Fís agus Prionsabail na Sraithe Sinsearaí, agus leagtar amach tosaíochtaí, seicheamh oibre agus na chéad chéimeanna eile don phróiseas atá romhainn. Chun an tuairisc a léamh chliceáil ar an fomhá thusa nón cliceáil [anseo](#).

### Coinnígh i dteagmháil

Is iad trí bhealach chun coinneáil suas chun dáta le foireann Teicneolaíocht Fheidhmeach JCt4:

**Tabhair cuairt ar ár leathanach:**



[www.jct.ie/technologies](http://www.jct.ie/technologies)

**Lean muid ar twitter:**



@JCt4ed

**Bí ar ár liosta seoltaí:**



[Mailing List](#)


### Fáilte

Fáilte go dtí an t-aonú heagrán déag de Nuachtlitir JCt4 na Teicneolaíochta Feidhmí. Agus muid ag druidim le deireadh na scoilbhliana, tá síúl againn ar fháil na nuachtltreach seo go bhfuil tú féin agus do theaghlaigh slán sábhálite.

Tá foireann Theicneolaíocht Fheidhmeach JCt4 ag gabháil faoi láthair den dearadh dár lá FGL 2022/2023, agus táimid ag trúth le bualadh libh sa chéad scoilbhliain eile. Idir an dá linn, tá réimse tacáí ar fáil i [rannán na dTeicneolaíochtaí](#) ar ár láithreán gréasáin [www.jct.ie](http://www.jct.ie).

### Ceardlann FGL 2021/2022

Ba mhaith linn buiochas a ghabháil le múinteoirí go léir na Teicneolaíochta Feidhmí a bhí sásta tabhairt faoinár gceardlanna FGL ar líne. Bhuaill muid le 322 múinteoir ó gach cearn den téarmaí le linn ár gceardlainne FGL ar líne.



Tá an t-ábhar tacáiochta ar fad a úsáideadh ar an lá ar fáil faoi: [Tacaí FGL i dTeicneolaíocht Fheidhmeach – Ceardlann FGL 2021/2022](#).

### Rialú Leictreach Réitithe dTeicneolaíocht Fheidhmeach

Mar fhreagra ar aiseolas ó mhúinteoirí, d'fhorbair an foireann Theicneolaíocht Fheidhmeach acmhainn réitithe fadhbanna trí rialú leictreach a bhí múinteoirí a úsáid leo le linn a gceardlainne FGL ar líne. Dearadh an acmhainn seo chun cabhrú le múinteoirí tuiscint agus scileanna a fhobairt chun lochtanna a bhaineann le ciorcaid a réiteach a d'fhéadfadh tarlú in obair thionscadail sa Teicneolaíocht Fheidhmeach. Cuirfidh an acmhainn seo ar do chumas cabhrú le do scoláirí i do chomhthéacs féin. Tá an acmhainn seo ar fáil ar ár suíomh gréasáin [anseo](#) nó trí chliceáil ar an íomhá thusa.

### Fadhbanna i




## Seimineár Gréasáin an Earraigh



I mí Aibreán 2022, reáchtáil muid seimineár gréasáin agus rinne muid iniúchadh ar an gcaoi a dtagann beocht i ngnéithe de thuras dearaidh sa Teicneolaíocht Fheidhmeach. Le linn an tseimineáir ghréasáin seo, rinne lucht freastail machnamh ar na straitéisí éagsúla a d'úsáid triúr múinteoirí chun cabhrú le scoláirí agus iad ag dul i ngleic le gnéithe éagsúla de phróiseas dearaidh i gcomhthéacs a scoile féin. Dhírigí an triúr múinteoirí ar thrí cinn de Phríomhscileanna na Sraithe Sóisearáí: Cumarsáid, A Bheith Cruthaitheach agus Eolas agus Smoointeoireacht a Bhainistiú. Chun féachaint ar an seimineár gréasáin seo cliceáil ar an íomhá thusa nó cliceáil anseo.

## Tacáí Measúnaithe MRB 1 agus MRB 2



Tá acmhainní deartha ag Foireann na Teicneolaíochta Feidhmí sna réimsí seo: [Measúnú Rangbhunaithe 1: Iniúchadh a dhéanamh ar chur i bhfeidhm córais rialithe i gcomhthéacs áitiúil](#) agus [Measúnú Rangbhunaithe 2: Féinanalís agus féinmheasúnú an scoláire](#). Dearadh na hacmhainní seo mar thaca do mhúinteoirí na Teicneolaíochta Feidhmí agus a gcuid scoláirí ag dul i ngleic le ceachtar de na MRBnna. Is féidir teacht ar an acmhainn seo trí chliceáil ar an íomhá nó ar na naisc thusa nó [anseo](#).

## Leabharlann Acmhainní na Teicneolaíochta

### Feidhmí

Thiomsaigh foireann na Teicneolaíochta Feidhmí leabharlann acmhainní a chruthaigh muid ón mbliain acadúil 2018/2019. Tá go leor straitéisí úsáideacha agus eispéiris foghlama fhéideartha sa leabharlann a d'fhéadfaí a chur in oriuínt do chomhthéacsanna éagsúla. Tá an acmhainn seo ar fáil ar ár suíomh gréasáin [anseo](#) nó trí chliceáil ar an íomhá thusa.

**Leabharlann Acmhainní**

**An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí**  
**JuniorCYCLE**  
**for teachers**

**Teicneolaíocht Fheidhmeach**  
**na Sraithe Sóisearáí**  
**Leabharlann Acmhainní**

ÚINÍOS  
Tá roinnt lenaill stáitse agus geamaíse le feidhmíteach, freastal, leabharlann, acmhainní, agus eispéiris. Tá roinnt lenaill stáitse agus geamaíse le feidhmíteach, freastal, leabharlann, acmhainní, agus eispéiris.

Cíneál comháid: PDF

Cliceáil chun breathnú nó chun ioslódáil

## Scéalta nuachta

Oscláodh an chéad fheirm ghréine ar mhórscála atá suite ar an talamh chun leictreachas a sholáthar don eangach Éireannach gar d'Áth na Fuinseoige i gContae Chill Mhantáin agus tá sí faoi láin seoilanois.

Clúdaíonn feirm ghréine Millvale 25 heicteár talaimh. Tá cumas giniúna 8 meigeavata leictreachas glas ag na 33,600 modúl gréine. Is leor é sin chun thart ar 3,600 teach a chumhachtú gach bliain. Meastar go gcuirfidh an fheirm ghréine seo stop le 4,800 tonna d'astaíochtaí gás ceaptha teasa. **Nasc suíomh gréasáin:** <https://www.rte.ie/news/ireland/2022/0429/1295115-solar-farm/>



Is féidir an t-alt thusa a úsáid mar acmhainn nó mar spreagadh chun teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus a dtionchar ar an tsochaí a iniúchadh. I measc roinnt torthaí foghlama féideartha ar féidir le scoláirí dul ina gceann ag baint úsáid as an acmhainn seo tá: 1.6, 2.6, 2.7, 2.10, 3.2, 3.3, 3.4, 3.5, 3.8, 3.9.

Ar deireadh, ba mhaith le foireann Theicneolaíochta Fheidhmeach Jct4 buíochas a ghabháil leis na mhúinteoirí go léir a bhí ag plé lenár gceardlanna FGL, ár seisiúin roghnacha agus ár n-ábhair thacaíochta i rith na bliana. Táimid ag súil le cabhrú libh sa chéad scoilbhliain eile agus tá súil againn go mbeidh sos suaimhneach agaibh i rith shaoire an tsamhraidh.

*Le dea-mhéin,  
The Jct4 Applied Technology Team*

